# Cóir Dé eadram is Uilliam!

[Knott, E.: *The Bardic poems of Tadhg Dall Ó hUiginn*, Irish Texts Society 22-23 (1922, 1926), poem 23]

1 Cóir Dé eadram is Uilliam!
olc fuair an saor séaghuinnfhial -
síoth gémadh ionshnadhma ann -
díoth ar n-ionnamhla d'fhulang.

2 Níorbh fhiú dhó duine ar domhan
dá bhfuair sé ar seilbh n-ealadhan,
'sa dhíol faghladh 'ga ghnúis ghloin,
gan chúis gan adhbhar d'argoin.

3 Dá mbeith go mbiadh a bhas sheang
ag síorlot éigeas Éireann -
bláth na dtamhansa ó Bhóinn Bhreagh -
mh'fhaghalsa is dóigh nách dlighfeadh.

4 Ní dubhradh páirt romham riamh
nách raibh eadram is Uilliam;
gé gur cinneadh dá ghruaidh ghil
mo mhilleadh uaidh ar-íribh.

5 Do bhí mé im' ollamh aige,
buain rem chuid níor chóraide -
fear leanamhna dá rádh ruinn,
's bágh na healadhna eadruinn.

6 Do bhádhus fós fad ó riamh
im' dhalta im' oide ag Uilliam,
do-nínn dá ghruaidh dílis duinn,
'sdo-nímis uaidh an fhoghluim.

7 An rolla foghlama ar fad,
an adhbhann chiúil, an comhad -
do bhínn dá n-aiteacht don fhior
gach aiceacht díbh dá ndéiniodh.

8 An leabhar nách léighinn féin,
do-níodh damhsa a dhreach shoilléir,
gurbh é ar ndaghoide a ghlac gheal,
brat is tanoide a thilleadh.

9 Tárraidh díom d'fhoghluim is d'fhios
gurbh é mo dhalta dílios;
breath bhroide é dom fhoghail -
dob é m'oide ar adhbhoraibh.

10 Mé a mhaighistir, mé a dhalta,
mé a chompán ’sa chomhalta;
olc fuair i gcéadóir mo chradh,
éagóir do-chuaidh dom chreachadh.

11 Olc nár smuain re hucht m’fhaghla
mé aige im’ fhior leanamhna,
’s bheith ar éinleabhar riom riamh
don mhéirleabhar fhionn, d’Uilliam.

12 Im’ dhalta dá mbeth nách beinn,
aige fós mar go bhfuilim -
níor ghníomh cóir dá chéibh . . .
béin a hóir don ealadhain.

13 Dá mbeth nách b[e]inn um’ oide
a[g] gríbh échtaigh Fhánaide
. . . . . . . . . . . .
. . . . . . . . . . . .

14 . . . . . . . . . . . . .
. gruaid airig focal tair (?)
[m]airg do cosnaideas mo cr[odh]
. . . gcosmhaileas bo bo biom . . .

15 Do bhí mise - mairg do bhí,
san uile chruth ad-chluintí,
gríobh Éirne aniodh gidh námha -
d’fhior dhéinmhe mo dhíoghbhála.

16 Dul fúinne níorbh fheirrde a chiall -
go raibhe a fhios ag Uilliam
nách díghéalainn m’fhíoch nó m’olc
ar ríréalainn chríoch Chonnacht.

17 Do bhí a fhios aigesion féin
nách gríosfainn a ghruaidh shoilléir -
mairg do-chí ar bhfoghal don fhior -
fa ní ar domhan dá ndingniodh.

18 Ní aorfuinn, níorbh aortha dhamh,
déar aille d’fhuil na n-iarladh,
planda do phór chéibhfhionn Chuinn
ar ór nÉirionn ní aorfuinn.

19 Ní aorfainn, níor aortha dhamh,
gríobh do chloinn Chonaill Ghulban,
ní aorfainn, níor eagal lais,
dreagan do shaorchlainn Shéarlais.

20 Ní aorfainnse an neimh naithreach
d’fhuil Bhriain na mbreath neamhmaithmheach
ná an ghnúis ríleóghain ngéir ngloin
d’fhírfheólfhuil Í Néill nároigh.

21 Ní cháinfinn um cheann ealluigh
an bheithir mbuirb mbéimeannaigh
d’iarsma shíl chrannghailte Chuirc,
’sdo chlannmhaicne Ír ordhuirc.

22 Tuigim nách anfadh aguinn
aoradh an óig abhraduinn -
a fhoghail giodh fhairbríogh liom -
ó fholaibh airdríogh Éirionn.

23 Da mbeth gan duine ar domhan
oramsa dá anaghal -
barr truimfhiar na ngéigfheadh nglan -
níorbh éidear Uilliam d’aoradh.